



C/2025/5111

22.9.2025

MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 27 Meitheamh 2025

Iena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhálartacht dheonach na mbeart sin

(BERS/2025/4)

(C/2025/5111)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ⁽²⁾, agus go háirithe Roinn I de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ⁽³⁾, agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhálartacht dheonach.
- (2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhálartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁴⁾ a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhálartú sna Ballstáit eile.
- (3) An 10 Márta 2022 ⁽⁵⁾, thug an Bundesanstalt für Finanzdienstleistungsaufsicht (BaFin), ag gníomhú dó mar údarás ainmnithe na Gearmáine chun críche Airteagal 133(3) de Threoir 2013/36/AE, fógra don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go raibh sé ar intinn aige maolán earnála um riosca sistéamach (sSyRB) 2 % a ghníomhachtú chun aghaidh a thabhairt ar na neamhchosaintí uile, idir neamhchosaintí miondíola agus neamhchosaintí neamh-mhiondíola, ar dhaoine nádúrtha agus chun aghaidh a thabhairt ar na neamhchosaintí uile ar dhaoine dlítheanacha a urraítear le maoin chónaithe atá sa Ghearmáin agus a meastar go laghdaíonn an chomhthaobhacht sin ceanglais cistí dílse maoirseachta lena n-aghaidh, is infheidhme ón 1 Feabhra 2023, de bhun Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE. Chuir BaFin iarraidh faoi bhráid BERS freisin ar chómhálartú an sSyRB faoi Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE.
- (4) An 27 Iúil 2022, ghlac BERS Moladh BERS/2022/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽⁶⁾ an sSyRB arna ghníomhachtú ag BaFin a áireamh sa liosta de na bearta beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2.

⁽¹⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj>.

⁽²⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj>.

⁽³⁾ IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

⁽⁴⁾ Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhálartacht dheonach na mbeart sin (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

⁽⁵⁾ Cuireadh an chéad fhógra faoi bhráid BERS an 24 Feabhra 2022. Cuireadh leagan nuashonraithe den fhógra faoi bhráid BERS an 10 Márta 2022.

⁽⁶⁾ Moladh BERS/2022/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 2 Meitheamh 2022 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhálartacht dheonach na mbeart sin (IO C 286, 27.7.2022, lch. 1).

- (5) An 31 Márta 2025 ⁽⁷⁾, ag gníomhú dó mar an t-údarás ainmnithe chun críche Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, thug BaFin fógra do BERS go raibh sé tar éis an sSyRB a athchalabrú, ag athrú leibhéal an sSyRB a bhí ann cheana go 1 % maidir leis na neamhchosaintí uile, idir neamhchosaintí miondíola agus neamhchosaintí neamh-mhiondíola, ar dhaoine nádúrtha agus na neamhchosaintí uile ar dhaoine dlítheanacha a urraítear le maoin chónaithe atá lonnaithe sa Ghearmáin agus a meastar go laghdaíonn an chomhthaobhacht sin ceanglais cistí dílse maoirseachta lena n-aghaidh. Chuir BaFin iarraidh faoi bhráid BERS freisin go molfadh BERS go ndéanfaí an beart beartais macrastuamachta réamhluaithe a chómhálartú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite, agus aonair, de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE.
- (6) Trí chómhálartú ceanglas caipitil macrastuamachta arna ngníomhachtú ag údaráis Ballstát eile, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite, agus aonair, gan beann ar na neamhchosaintí lena mbaineann a bheith á sealbhú trí fhochuideachtaí nó trí bhraintí, nó mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann, cuirtear teorainn le sceití agus le harbatraíste rialála, téitear i ngleic le rioscaí sistéamacha agus, ar an gcaoi sin, cuirtear éifeachtacht fhoriomlán an bheartais macrastuamachta chun cinn trína áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí méadaithe ní hamháin sa Bhallstát a thug isteach an SyRB ach freisin i mBallstáit eile ina bhfuil grúpaí baincéireachta neamhchosanta ar na rioscaí méadaithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an aitheantas freisin a áirithiú go mbeidh grúpaí baincéireachta atá neamhchosanta ar na rioscaí sistéamacha sin athléimneach go leor. Dá bhrí sin, maidir le ceanglais chaipitil mhacrastuamachta a eascraíonn as cinneadh aitheantas a thabhairt do bhearta macrastuamachta Ballstát eile, ba cheart iad a chur i bhfeidhm go ginearálta ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite, agus aonair.
- (7) Chun aitheantas a thabhairt do ráta SyRB na Gearmáine mar a d'iarr BaFin, féadfaidh údaráis inniúla agus/nó údaráis ainmnithe ábhartha Ballstáit eile ráta SyRB a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 133(4) agus 134(1) de Threoir 2013/36/AE.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 134(1) de Threoir 2013/36/AE, an t-aitheantas a thugann Ballstáit eile don athrú ar ráta sSyRB na Gearmáine ar tugadh fógra ina leith, bheadh feidhm aige maidir le neamhchosaintí atá lonnaithe sa Ghearmáin agus ar neamhchosaintí iad de chuid institiúidí atá údaraithe sna Ballstáit chómhálartúcháin.
- (9) I gcomhréir le hAirteagal 133(4) de Threoir 2013/36/AE, féadfar ráta SyRB a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite, nó comhdhlúite. Dá bhrí sin, má thugtar aitheantas do ráta SyRB arna shocrú ag Ballstát eile, is féidir ráta SyRB a chur i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí uile ar bhonn comhdhlúite (lena n-áirítear neamhchosaintí arna sealbhú trí fhochuideachtaí atá lonnaithe i mBallstát eile).
- (10) D'fhéadfadh, i gcásanna áirithe, údar a bheith le himeacht ón gcur chuige ginearálta go ndéanfaí beart beartais macrastuamachta aitheanta na Gearmáine a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite, agus comhdhlúite, mar shampla i gcás ina measann na húdaráis chómhálartúcháin go bhfuil na rioscaí sistéamacha sin maolaithe go leordhóthanach agus go hiomchuí cheana féin le ceanglais atá ann cheana agus atá á gcur i bhfeidhm sa Bhallstát ina dtugtar aitheantas don bheart.
- (11) Moltar i Moladh BERS/2015/2 ó BERS, arna leasú le Moladh BERS/2017/4 ⁽⁸⁾, gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhachtaíonn beart beartais macrastuamachta, nuair a bhíonn iarraidh ar chómhálartú á cur faoi bhráid BERS aige, tairseach ábharthachta a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas gur neamhchosaint neamhábhartha í neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtúcháin an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.
- (12) Tar éis an iarraidh a fháil ón nGearmáin an 31 Márta 2025 ar chómhálartú an bhirt ag Ballstáit eile agus ionas nach dtarlódh éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceití agus arbatraíste rialála a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta atá le bheith infheidhme sa Ghearmáin, chinn Bord Ginearálta BERS an beart ar tugadh fógra ina leith an 10 Márta 2022, arna leasú leis seo tar éis fógra a fháil ó BaFin an 31 Márta 2025, a áireamh go fóill sa liosta de na bearta beartais macrastuamachta a mholann sé a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2, agus chinn sé a mholadh go ndéanfaí an beart beartais macrastuamachta réamhluaithe a chómhálartú, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite, agus aonair i gcomhréir leis an iarraidh ar chómhálartú ó BaFin. Chinn Bord Ginearálta BERS tairseach ábharthachta institiúidsonrach EUR 10 mbillíun a mholadh go fóill freisin. Na húdaráis ábhartha a dhéanann an beart a chómhálartú, féadfaidh siad institiúidí a

⁽⁷⁾ Cuireadh an chéad fhógra faoi bhráid BERS an 31 Márta 2025. Cuireadh leagan nuashonraithe den fhógra faoi bhráid BERS an 16 Bealtaine 2025.

⁽⁸⁾ Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus cómhálartacht dheonach na mbeart sin (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

dhíolmhú ón gceanglas maoláin um riosca sistéamach ar choinníoll nach mó a gcuid neamhchosaintí ábhartha ná EUR 10 mbilliún. I gcomhréir leis an moladh go gcuirfí cómhalartacht i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite, agus aonair, ba cheart an measúnú ábharthachta a dhéanamh amhlaidh ar gach ceann de na leibhéil sin. Maidir leis an measúnú comhdhlúite agus fo-chomhdhlúite, ba cheart na neamhchosaintí iomlána (lena n-áirítear neamhchosaintí a thagann as brainsí, as iasachtú díreach trasteorann, agus as fochuideachtaí) a thomhas i leith na tairsí ábharthachta is infheidhme.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Leasuithe

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 mar a leanas:

(1) i Roinn 1, fomholadh C(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin nGearmáin:

‘— ráta maolánach um priacal riosca sistéamach 1 % maidir leis na neamhchosaintí uile, idir neamhchosaintí miondíola agus neamhchosaintí neamh-mhiondíola, ar dhaoine nádúrtha agus na neamhchosaintí uile ar dhaoine dlítheanacha a urraítear le maoin chónaithe atá lonnaithe sa Ghearmáin agus a meastar go laghdaíonn an chomhthaobhacht sin ceanglais cistí dílse maoirseachta lena n-aghaidh.’;

(2) Leasaítear an larscríbhinn i gcomhréir leis an larscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 27 Meitheamh 2025

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh BERS/2015/2 mar a leanas:

- (1) faoin nGearmáin, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'I Cur síos ar an mbeart':

I. Cur síos ar an mbeart

1. Le beart na Gearmáine, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, forchuirtear ráta maoláin um riosca sistéamach 1 % ar na neamhchosaintí uile, neamhchosaintí miondíola agus neamh-mhiondíola araon, ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a urraítear le réadmhaoin chónaithe atá lonnaithe sa Ghearmáin.

- 1a. Tá feidhm ag an mbeart ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.;

- (2) faoin nGearmáin, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'II Cómhálartú':

II. Cómhálartú

2. Moltar d'údaráis ábhartha beart na Gearmáine a chómhálartú trína chur i bhfeidhm maidir le hinstiúidí creidmheasa atá údaraithe ar bhonn intíre.

3. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhálartú, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

- 4a. Tar éis an iarraidh a fháil ó BaFin, moltar do na húdaráis ábhartha beart na Gearmáine a chómhálartú trína chur i bhfeidhm ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite, faoi réir thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 5a.;

- (3) faoin nGearmáin, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'III Tairseach Ábharthachta':

III. Tairseach Ábharthachta

5. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta institiúidsonrach chun cur i bhfeidhm féideartha an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a mbeidh an beart á chómhálartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí creidmheasa a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um riosca sistéamach más rud é nach mó ná EUR 10 mbilliún a neamhchosaintí earnála ábhartha. Dá bhrí sin, ní iarrtar cómhálartú ach amháin nuair a sháraítear an tairseach institiúidsonrach.

- 5a. Déanfar an tairseach ábharthachta a mheasúnú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh uirthi ar bhonn comhdhlúite, déanfar na neamhchosaintí uile arna sealbhú trí bhraintí agus iasachtú díreach trasteorann agus trí fhochuideachtaí a chur san áireamh i ríomh na neamhchosaintí atá á measúnú i leith na tairsí ábharthachta.

6. Ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí. I gcomhréir le Roinn 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, moltar gur uasleibhéal tairsí a bheadh sa tairseach ábharthachta EUR 10 mbilliún. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis ábhartha chómhálartúcháin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, tairseach níos ísle a shocrú dá ndlíní i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta.

7. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaraithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha sa Ghearmáin acu, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na Gearmáine a chómhálartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na Gearmáine a chómhálartú nuair a sháraíonn institiúid creidmheasa an tairseach ábharthachta mholta.;